# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2024**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

(a) Feirm = an tríú pictiúr **/7**

(b) Deirdre **/7**

**Ceist 2 (14 mharc)**

(a) Óstán = an dara pictiúr **/7**

(b) I siopaí éadaí **/7**

**Ceist 3 (8 marc)**

Siopa ceoil = an ceathrú pictiúr **/8**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbun ar dheis (tic nó saighead sa bhosca) **/8**

**Ceist 5 (16 mharc)**

(a) Cluiche sacair = an dara pictiúr **/8**

(b) Na daltaí ó bhliain a sé **/8**

**Ceist 6 (20 marc)**

(a) Aindí agus Órla **/10**

(b) Dáiríre **/10**

**Ceist 7 (20 marc)**

(a) Sa Fhrainc **/10**

(b) €400 an duine **/10**

**Ceist 8 (20 marc)**

(a) Ceithre phointe **/10**

(b) Club óige áitiúil **/10**

## CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

**Ceist 1 Meaitseáil** **(40 marc)**

| Uimhir an phictiúir | Litir | Ceist 1 |
|---|---|---|
| 1 | E | 1.1 **/4** |
| 2 | A | 1.2 **/4** |
| 3 | J | 1.3 **/4** |
| 4 | I | 1.4 **/4** |
| 5 | C | 1.5 **/4** |
| 6 | B | 1.6 **/4** |
| 7 | D | 1.7 **/4** |
| 8 | H | 1.8 **/4** |
| 9 | F | 1.9 **/4** |
| 10 | G | 1.10 **/4** |

An Nós Marcála:

- An marc bronnta (4 nó 0) a chur sa bhosca ar dheis ar an scáileán.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) An Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 29 Bealtaine | 2a(1) | **/5** |
| 2. | Na Buachaillí Dána | 2a(2) | **/5** |
| 3. | Dé hAoine | 2a(3) | **/5** |
| 4. | Rac-cheol | 2a(4) | **/5** |
| 5. | A trí a chlog | 2a(5) | **/5** |

**(b) An Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I ndeisceart Phort Láirge | 2b(1) | **/5** |
| 2. | Deich gciliméadar | 2b(2) | **/5** |
| 3. | Nioclás Tóibín | 2b(3) | **/5** |
| 4. | Sa mheánscoil áitiúil | 2b(4) | **/5** |
| 5. | Rian Glas na nDéise | 2b(5) | **/5** |

**(c) An Scéal (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ar scoil | 2c(1) | **/5** |
| 2. | A naoi a chlog | 2c(2) | **/5** |
| 3. | A dhaid | 2c(3) | **/5** |
| 4. | Rang Béarla | 2c(4) | **/5** |
| 5. | Ina phóca | 2c(5) | **/5** |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) An tAlt (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Dhá bhliain déag d'aois | 3a(1) | **/6** |
| 2. | 2023 | 3a(2) | **/6** |
| 3. | Céim sa Ghaeilge agus sa Chorpoideachas | 3a(3) | **/6** |
| 4. | In Minnesota | 3a(4) | **/6** |
| 5. | Céim i Síceolaíocht an Spóirt | 3a(5) | **/6** |

**(b) An Giota (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ráth Chairn | 3b(1) | **/6** |
| 2. | 2018 | 3b(2) | **/6** |
| 3. | Ciarraí | 3b(3) | **/6** |
| 4. | An deireadh seachtaine sin | 3b(4) | **/6** |
| 5. | Díomá | 3b(5) | **/6** |

**(c) Na Véarsaí (30 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Go dtí an ghealach | 3c(1) | **/6** |
| 2. | Culaith spásaire | 3c(2) | **/6** |
| 3. | Picnic / Bia | 3c(3) | **/6** |
| 4. | Go rachaidh sé ar strae | 3c(4) | **/6** |
| 5. | Ina leaba | 3c(5) | **/6** |

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil "ad rem"*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil**.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

**Cumas Cumarsáide (Cumarsáid)**:

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge (Cruinneas)**:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
(iii) Litriú

**Ábhar nach bhfuil "ad rem"**:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

**Ábhar Neamhghnách**:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**Ná glac le Béarla**.

**Nóta**: Marcáil na roghanna go léir atá déanta i gCeist 4 agus i gCeist 5 agus roghnófar an dá mharc is airde.

**Ceist 4(a)** **Fógra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

- Leagan Amach **/1**
- Pictiúr 1 **/10**
- Pictiúr 2 **/13**
- Pictiúr 3 **/5**
- Pictiúr 4 **/5**
- Cruinneas **/11**

**Cumas Cumarsáide**: Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(i) **Leagan Amach (1 mharc)**

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal ***Fógra*** agus an marc sa bhosca) **/1**

(ii) **Treoracha**

- **Pictiúr 1 (5 + 5 = 10 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl?
  - Cén áit? (tic leis an **dá** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 10**
- **Pictiúr 2 (4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc)**
  - Cén lá?
  - Cén dáta?
  - Cén t-am?
  - Cead isteach? (tic leis na **ceithre** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 13**
- **Pictiúr 3 (5 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? (tic leis an **ainm** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Pictiúr 4 (5 mharc)**
  - Cad a dhéanfar leis an airgead? (tic leis an **áit** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 4(a) as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Iarracht ar fhógra 1 mharc**

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal "*Fógra*" agus bronn marc amháin (sa cholún)

**Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: *seó faisin*
Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *seó éadaí, faisean*
Glac leis an bhfreagra seo ar 1 mharc: *éadaí*

**Pictiúr 1 Cén áit? 5 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge. Áit/ionad: *sa chlub spóirt, sa scoil, sa halla pobail, in óstán …*
Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *sa halla, sa chlub, ainm áite (as Gaeilge) leis féin*
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

**Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn ...*

**Pictiúr 2 Cén dáta? 3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/5/2024* …
nó má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2024*
Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú (gan an mhí), dáta: 3*
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2 Cén t-am? 3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí: A haon déag a chlog, 11 a.m., *am lóin, 11 a.m.-2 p.m., tar éis na scoile, meán lae …*
Glac leis na freagraí seo ar 1 mharc: 11:00, 8.00 (leis féin)
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 2 Cén cead isteach? 3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.
Samplaí: Táille: *€10, Deich euro mar chead isteach, Ticéad €10, Táille €10 …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: Táille: 10, €10 (leis féin)
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

**Pictiúr 3** **Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: *Patrick Kielty ann/i láthair/ar an stáitse/sa scoil/sa chlubtheach/mar aoi speisialta/mar fhear an tí …*

Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *Patrick Kielty* gan aon cheangal/gan aon ionramháil.

Ná glac le hainm aon duine eile.

**Pictiúr 4** **Cad a dhéanfar leis an airgead? 5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí Scoil …, Giomnáisiam Nua … Halla Spóirt …

Samplaí: *Ar son na scoile, Airgead ag dul don Giomnáisiam,*

*Airgead: Giomnáisiam, Airgead* $\rightarrow$ *Giomnáisiam, ar son giomnáisiam …*

` *"Giomnáisiam"* leis féin = 0

**N.B. Beidh pionós -1 i gceist gach uair a luaitear an Aimsir Chaite.**

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

**4(b) Foirm Iarratais (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

(i) **Na Ceisteanna**: **19 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Uimhir Theileafóin | 1 mharc | /1 |
| Seoladh | 2 mharc | /2 |
| Aois | 1 mharc | /1 |
| Dáta Breithe | 1 mharc | /1 |
| Cén scrúdú teistiméireachta atá déanta agat? | 1 mharc | /1 |
| Ainmnigh cúig ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin | 5 x 1 mharc | /5 |
| An bhfuil tú ag obair faoi láthair? | 1 mharc | /1 |
| Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat | 3 x 1 mharc | /3 |
| An réitíonn tú go maith le daoine eile? | 1 mharc | /1 |
| An féidir leat a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? | 1 mharc | /1 |
| Cuir tic leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh | 1 mharc | /1 |
| Dáta (ag bun na foirme) | 1 mharc | /1 |
| | **19 marc** | |

**Cuir tic leis an tasc agus an marc sa bhosca**

- **Uimhir Theileafóin**: Beifear ag súil leis an gcód i gcás an fhóin póca: 085 1234567.
- **Seoladh**: Beidh dhá chuid ag teastáil, as Gaeilge más féidir.
- **Aois**: Glac le figiúirí ach an aois a bheith réasúnta cruinn.
- **Dáta Breithe**: Dhá chuid ag teastáil, i bhfocail nó i bhfigiúirí: 12/4/1998, Márta 1998, 23 Márta
- **Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat**?: Glac leis na scrúduithe seo a leanas: Ardteist, Teastas Sóisearach nó fiú Meánteist.
- **Ainmnigh *cúig* ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin**: Ná glac le hábhar ar bith i mBéarla seachas LCVP. Glac le hábhar ar bith a dhéantar ar scoil agus iarracht déanta ar é a litriú i gceart as Gaeilge.
- **An bhfuil tú ag obair faoi láthair**?: Freagra cumarsáideach ag teastáil
- **Luaigh *trí* chaitheamh aimsire atá agat**: Glac le drochlitriú más léir gur leagan Gaeilge atá ann (sacar, galf …) Ná glac le Béarla. Glac le ceann amháin díobh seo: Facebook, X, Snapchat … ach gan an dara ceann a chur san áireamh.
- **An réitíonn tú go maith le daoine eile**?: Freagra cumarsáideach ag teastáil
- **An féidir leat a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine**?: Freagra cumarsáideach ag teastáil
- **Dáta** (ag bun na foirme): Glac le figiúirí.

(ii) **An t-Alt Gearr (timpeall 40 focal)**: **15 mharc**

- Cumarsáid **/15**
- Fad **/-3**

- Cumarsáid a mharcáil as (15) má tá an t-alt "ad rem".
- Cumarsáid a mharcáil as (5) mura bhfuil sé "ad rem".
- Timpeall 40 focal ag teastáil. Pionós don fhad mar atá léirithe

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 35-40 | 0 |
| 25-34 | - 1 |
| 10-24 | - 2 |
| <10 | - 3 |

- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 4(b) as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Ceist 5(a) Cuntas (45 marc)**

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar: "**Saoire go Páras na Fraince**" mar atá léirithe sa phictiúr. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – (T1, T2, T3, T4) agus aon tagairt amháin eile (T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh – pionós -4 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid. Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (34, 30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca
  **Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:**
  Insint faoin turas chun na Fraince - an eitilt, an t-eitleán, an t-aerfort; an lá; an dáta; an t-am, cé a bhí leat; an turas bus – an bus féin, an túr Eiffel, na rudaí eile a chonaic sibh/stopanna a rinne sibh; an áit; an aimsir; daoine eile a bhí ann, daltaí bunscoile, scoláirí meánscoile, daoine fásta; na rudaí a thaitin/nár thaitin leat; tuairim faoin turas, ar thaitin an turas leat, mar a mhothaigh tú nuair a bhí an turas thart ...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_1$, $T_2$, $T_3$, $T_4$, $T_5$

**Cruinneas Gaeilge**

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

| | | **Ceist 5(a) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**5(b) Eachtra (45 marc)**

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Fad **/-4**

**Cumas Cumarsáide** Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – ceann do gach pictiúr (T1, T2, T3, T4) agus aon tagairt amháin eile (T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh – pionós -4 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid. Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (34, 30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.
- Pionós (-4) i gcás gach tagairt in easnamh ($34-4_t= 30$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta.
- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca

| Líon Focal | Pionós |
|---|---|
| 80-90 | 0 |
| 60-79 | - 2 |
| 30-59 | - 3 |
| <30 | - 4 |

**Cruinneas Gaeilge**

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/11**

| | | **Ceist 5(b) Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

**Glac leis na tagairtí seo a leanas**:

**Pictiúr 1**
Na déagóirí, ag siúl tríd ionad siopadóireachta, siopaí eile timpeall, ag dul isteach i siopa spóirt, málaí scoile orthu, éide scoile orthu, ag comhrá, conas a mhothaigh siad …

**Pictiúr 2**
Ag an gcúntar, bróga nua/bosca le bróga nua, siopadóir, cara, ag íoc, méid, ag comhrá, mála scoile ar an talamh, dearmad déanta ar an mála scoile, ag siúl amach (gan an mála) …

**Pictiúr 3**
Ag siúl/siopadóireacht arís, ag dul go dtí siopa(í) eile, mála bróg ag an mbuachaill, mála scoile ar iarraidh, go tobann smaoiníonn sé/deir sé/tuigeann sé … an mála scoile fágtha, dearmad déanta aige air, líonrith/eagla/buairt/díomá …, comhrá eatarthu, filleann siad ar an siopa/ritheann siad …

**Pictiúr 4**
Ar ais sa siopa, buíochas le Dia, mála ag an siopadóir, mála ar ais, comhrá, buíochas, siopadóir lách, faoiseamh, an t-ádh air, sona sásta …

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: $T_{1,}$ $T_{2,}$ $T_{3,}$ $T_{4,}$ $T_5$

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

**Ceist 4(a) Fógra**
**Ceist 4(b) Foirm Iarratais**
**Ceist 5 (a) Cuntas**
**Ceist 5 (b) Eachtra**

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

**Cruinneas Gaeilge = 11 mharc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal …

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí …

| | | **Marc as 11** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 9-11 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 7-8 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 5-6 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4 |
| Lag | Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 2-3 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 1 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0 |

## An Triail Chluastuisceana

### Ceist a hAon (Canúint na Mumhan)

Haigh, a chairde! Is mise Seán Ó Sé. Táimse i mo chónaí ar fheirm anseo faoin tuath i gContae Chiarraí. Tá cúigear againn sa teaghlach – mé féin, mo mháthair, m'athair, mo dheartháir Eoghan agus mo dheirfiúr Deirdre. Feirmeoir is ea m'athair agus dochtúir is ea mo mháthair. Bíonn mo mháthair ag obair san ospidéal áitiúil. Is é mo dheartháir Eoghan an duine is sine sa teaghlach agus is í mo dheirfiúr Deirdre an duine is óige sa teaghlach. Réitímid ar fad go maith le chéile agus táimid ar fad craiceáilte faoin spórt. D'imir m'athair peil le Ciarraí agus ba mhaith liomsa an rud céanna a dhéanamh amach anseo.

### Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Dia dhaoibh! Síle Ní Ruairc anseo. Rugadh agus tógadh anseo i gContae na Gaillimhe mé. Reáchtálaim féin agus mo theaghlach an t-óstán áitiúil anseo i mBaile Chláir na Gaillimhe. Tá róil éagsúla againn ar fad san óstán. Is cócaire é mo Dhaid i gcistin an óstáin agus ullmhaíonn sé an bia ar fad gach lá. Is bainisteoir í mo Mham agus reáchtálann sise gach rud eile, dar léi féin ar aon chaoi! Oibríonn mo dheartháir mar fhreastalaí i mbialann an óstáin agus oibrím féin mar fháilteoir ag an deasc fáilte. Is breá liom a bheith ag bualadh le daoine nua ó thíortha eile. Tá an-suim agam sa tsiopadóireacht agus caithim mo chuid airgid ar fad i siopaí éadaí an cheantair … ach ná habair é sin le mo thuismitheoirí!

### Ceist a Trí (Canúint Uladh)

*Ar an mbóthar… torann tráchta*

**Fear:** Gabh mo leithscéal. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an siopa ceoil? Dúirt mo bhean chéile liom go bhfuil sé in aice leis an leabharlann ach ní shílim go bhfuil an ceart aici. An féidir leat cuidiú liom?

**Bean:** Cinnte! Tá an siopa ceoil ar an taobh eile den bhóthar. Má leanann tú ar aghaidh ar an taobh seo ar feadh tamaill feicfidh tú foirgneamh mór buí. Sin an bhialann áitiúil agus tá an siopa ceoil díreach in aice léi.

**Fear:** Go raibh míle maith agat. Slán go fóill.

**Ceist a Ceathair (Canúint na Mumhan)**

*Ar an tsráid…*

**Fear:** Dia dhuit, a dhuine uasail, tá brón orm a bheith ag cur isteach ort. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an scoil áitiúil? Tá mo ghuthán póca briste agus nílim in ann na mapaí ar *Google* a fháil air anois!

**Bean:** Tá a fhios agam cinnte. Lean ar aghaidh go dtí na soilse tráchta agus cas ar dheis. Ansin, lean ar aghaidh agus tóg an dara casadh ar dheis ag an bpictiúrlann agus feicfidh tú an scoil ansin ar chlé ag bun na sráide.

**Fear:** Ceart go leor … Suas liom go dtí na soilse tráchta, casfaidh mé ar dheis ansin agus leanfaidh mé ar aghaidh go dtí an dara casadh ar dheis ag an bpictiúrlann agus beidh an scoil ag bun na sráide sin ar thaobh na láimhe clé.

**Bean:** Sin é!

**Fear:** Go raibh míle maith agat!

**Ceist a Cúig (Canúint Chonnacht)**

Dia dhaoibh, a dhaltaí! An príomhoide anseo. Tá fógra tábhachtach agam anseo maidir leis an sceideal don Lá Spóirt a bheidh ar siúl amárach. Tosóidh an Lá Spóirt ar a naoi a chlog le cluiche sacair idir na múinteoirí agus na daltaí. Ina dhiaidh sin, ar leathuair tar éis a deich, beidh bia ar fáil sa cheaintín. Ar a haon déag a chlog beidh na rásaí ar siúl ar an bpáirc agus ar a dó dhéag a chlog beidh ceolchoirm mhór againn sa halla. Tar éis na ceolchoirme, fanfaidh na daltaí ó bhliain a sé sa halla leis an áit a ghlanadh suas. Bainigí taitneamh as an lá!

**Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)**

**Seán:** Haigh, a Aoife. Conas atá cúrsaí?

**Aoife:** Ó, a Sheáin, táim marbh tuirseach.

**Seán:** Ó, cén fáth?

**Aoife:** Bhuel, thosaigh an tsraith nua sin, *Grá ar an Trá*, ar an teilifís aréir agus d'fhanas i mo shuí déanach san oíche ag féachaint uirthi!

**Seán:** Ó, ná habair sin! Bhí sé i gceist agam féachaint uirthi ach rinne mé dearúd glan uirthi. Chuala mé go raibh an bheirt sin Pól agus Áine ana-ghreannmhar ar fad.

**Aoife:** Á, ceapaim go bhfuil suim ag Pól i Sinéad agus beidh trioblóid ann amach anseo! Is iad Aindí agus Órla an bheirt is fearr liomsa, ceapaim go bhfuil fíorghrá eatarthu!

**Seán:** Dáiríre? An dóigh leat go bhfuil siad i ngrá cheana féin agus gan aithne acu ar a chéile ach le lá amháin?

**Aoife:** Ní lá amháin atá i gceist. Tá seachtain caite acu sa tigh sin lena chéile. Ní thaispeánann an clár ach na rudaí suimiúla.

**Seán:** Á, fan go bhfeice tú, a Aoife. Tiocfaidh duine éigin níos suimiúla isteach an tseachtain seo chugainn agus brisfear suas iad!

**Aoife:** Á, a Sheáin, níl aon chraic ionat. Tá tú ródháiríre.

**Seán:** Dáiríre nó réalaíoch?

**Aoife:** Dáiríre. Pé scéal é, táimse ag imeacht. Tá fáilte romhat teacht chuig mo theachsa an tseachtain seo chugainn le féachaint ar an gclár in éineacht liom más mian leat?

**Seán:** Go raibh míle maith agat.

**Ceist a Seacht (Canúint Uladh)**


*Ar an teileafón…*

**Cáit:** Heileó.
**Stiofán:** Haigh, a Cháit, Stiofán anseo, caidé mar atá tú?
**Cáit:** Á, a Stiofáin, tá mé go maith, go raibh maith agat. An bhfuil craic ar bith agat?
**Stiofán:** Bhuel tá, mar a tharlaíonn sé! Bhí mé amuigh le grúpa cairde ón scoil aréir agus bhí muid ag labhairt faoi laethanta saoire an tsamhraidh. Chaith muid seachtain ar saoire sa Fhrainc an bhliain seo caite agus tá muid ag smaoineamh ar dhul thar lear arís i mbliana. An mbeadh suim agat féin agus do chairde ann?
**Cáit:** Bheadh cinnte! An gcreidfeá go raibh muid féin ag labhairt faoin rud céanna ní ba luaithe inniu? Bhí muid ag smaoineamh ar an Ghréig.
**Stiofán:** Bhuel, bhí mé féin agus na buachaillí ag smaoineamh ar an Spáinn nó ar an Pholainn ach chuala mé go leor rudaí maithe faoin Ghréig fosta.
**Cáit:** Tá an Ghréig go hálainn. Tá cuid mhór oileán thart uirthi agus thiocfadh linn am a chaitheamh san Aithin fosta. Caidé a shíleann tú, a Stiofáin?
**Stiofán:** Braitheann sé ar an phraghas is dócha! Rinne muid féin roinnt taighde aréir agus chosnódh seachtain sa Spáinn ceithre chéad euro an duine, agus bheadh trí chéad caoga euro an duine ar sheachtain sa Pholainn.
**Cáit:** Bhuel, bheadh saoire sa Ghréig rud beag níos daoire ag cúig chéad euro ach sílim gur fiú an t-airgead breise sin a chaitheamh.
**Stiofán:** Ceart go leor, rachaidh muid go dtí an Ghréig mar sin! Labhróidh mise leis na buachaillí eile.
**Cáit:** Ar dóigh, a Stiofáin, slán go fóill.

**Ceist a hOcht (Canúint Chonnacht)**

**Máire:** A Dhónaill, deas tú a fheiceáil! Chuala mé go raibh bua mór agaibh ag an deireadh seachtaine!
**Dónall:** Á, go raibh maith agat, a Mháire! Bhuaigh muid cluiche ceannais an chontae san iomáint den chéad uair riamh! Tá an ceantar fós ag ceiliúradh!
**Máire:** Maith thú, a Dhónaill. Caithfidh go bhfuil áthas an domhain ort! An raibh mórán idir na foirne ag deireadh an chluiche?
**Dónall:** Cluiche an-mhaith a bhí ann. Ag leath ama bhí muid ag buachan le ceithre phointe. Ansin, gan ach fiche nóiméad fágtha, bhí muid ag cailleadh le dhá phointe. Tháinig muid ar ais arís mar sin féin, nuair a scóráil mise cúl sa nóiméad deireanach agus bhuaigh muid le pointe amháin!
**Máire:** Is tú laoch an cheantair faoi láthair mar sin! An bhfuil an ceiliúradh ag leanúint ar aghaidh anocht?
**Dónall:** Tá cinnte! Tá dinnéar eagraithe san óstán ar a cúig a chlog agus ansin tá muid chun cuairt a thabhairt ar an gclub óige áitiúil ar leathuair tar éis a sé. Ar a hocht a chlog beidh oíche mhór cheoil ar siúl sa halla pobail. Tá fáilte romhat teacht linn más mian leat.
**Máire:** Ó, a Dhónaill, ba bhreá liom teacht! Go raibh míle maith agat. Feicfidh mé go luath thú! Slán!

## Anótáil

| | Cur síos | Sainchiall |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Pointe eolais |
|  | Líne ceartingearach | Leathanach feicthe |
|  | Líne chothrománach | Eolas míchruinn/botúin |
| **T1** | Tagairt a haon | Tagairt a léiriú |
| **T2** | Tagairt a dó | Tagairt a léiriú |
| **T3** | Tagairt a trí | Tagairt a léiriú |
| **T4** | Tagairt a ceathair | Tagairt a léiriú |
| **T5** | Tagairt a cúig | Tagairt a léiriú |